

Oifig an Ard-Aighne

Tuarascáil Bhliantúil 2017



Lena gcorpraítear

**An Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur Chun Feidhme an Ráitis Straitéise
2016-2019**

CLÁR NA nÁBHAR

Réamhrá ón Ard-Aighne

Réamheolas ón Ard-Stiúrthóir

CUID 1: AN OIFIG.

Obair Ghinearálta na hOifige.

Ról na nAbhcóidí Comhairleacha.

Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas.

Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Dlíodóirí ar Iasacht

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Suíomh Gréasáin.

CUID 2: BAINT AMACH SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL SA RÁITEAS STRAITÉISE

Sprioc Ardleibhéil 1: Sainseirbhís Chomhairleach Dlí a Sheachadadh don Rialtas agus do Ranna agus Oifigí Cliant

Samplaí de Sheirbhísí Comhairleacha arna soláthar ag an Oifig in 2017

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 1

=====

Sprioc Ardleibhéil 2: Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas: Sainseirbhísí Dréachtaithe Reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Samplaí de Reachtaíocht arna dréachtú ag ODP in 2017

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 2.

=====

Sprioc Ardleibhéil 3: Seirbhís Dhlíthíochta a Sholáthar lena Seachadtar Torthaí Optamacha dár Ranna Cliant.

Samplaí de Sheirbhísí Dlíthíochta arna soláthar ag an Oifig in 2017.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 3.

=====

Sprioc Ardleibhéil 4: Seirbhís Dlí i dTreo Réitigh a Sholáthar faoi Cheannas OPAS lena dTacaítear le Seachadadh Cuspóirí Idirbheartaíochta agus Gnó ár Ranna Cliaint

Samplaí de Sheirbhísí Idirbheartaíochta arna soláthar ag an Rannán Maoine Stáit agus ag an Rannóg Conarthaí Tráchtála in 2017.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 4.

=====

Sprioc Ardleibhéil 5: Chun Tacú le hArdleibhéil Saineolais, Inniúlachta, Eolais Cothrom le Dáta ar an Dlí agus Scileanna Cumarsáide Éifeachtacha a Fhorbairt, laistigh de Thimpeallacht Eolasbhunaithe.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 5.

=====

Sprioc Ardleibhéil 6: Cleachtas Dlíthiúil Nua-aimseartha, Gairmiúil agus Seirbhísí Bainistíochta Corparáideacha agus Gnó a Sholáthar lena dTacaítear leis an Oifig chun an Cháilíocht is Airde Seirbhíse a Sheachadadh.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 6.

CUID 3: IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn A. Billí Rialtais a foilsíodh in 2017 a ndearna an ODP iad a dhréachtú

Iarscríbhinn B. Billí Rialtais arna n-achtú in 2017.

Iarscríbhinn C. Torthaí do 2017 agus meastacháin do 2017 agus do 2018.

Iarscríbhinn D. Ráitis agus Tuarascálacha maidir le cleachtais íocaíochta i dtaca leis an Acht um Íoc Pras Cuntas.

Iarscríbhinn E. Miondealú na Foirne

Réamhrá ón Ard-Aighne

Is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2017 de chuid Oifig an Ard-Aighne (lena n-áirítear Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit) a chur i láthair.

Le linn 2017 bhí éileamh suntasacha san Oifig ar sheirbhísí dlí ó na cliaint dá cuid - an Rialtas, Ranna agus Oifigí. Rinneadh an t-éileamh sin a riar ar bhonn éifeachtach i raon cuimsitheach d'ábhair trí chomhairle dlí, dréachtú reachtaíochta agus seirbhísí dlíthíochta a sholáthar. Tá na seirbhísí sin rithábhachtach d'obair an Rialtais agus tugtar tacaíocht do chliaint na hOifige leo ar fud raon leathan de réimsí.

San áireamh le roinnt cúrsaí suntasacha a sholáthair an Oifig tacaíocht agus seirbhísí dlí do chliaint ina leith in 2017 bhí:

- Comhairle maidir le roinnt moltaí chun an Bhunreacht a leasú;
- Seirbhísí dlí a sholáthar maidir le Brexit;
- Seirbhísí dlíthíochta agus comhairleacha maidir le cúrsaí casta um thearmann agus inimirce, gnóthaí cánach, agus rialáil um an gcomhshaol;
- Reachtaíocht chasta agus mhionsonraithe a dhréachtú.

Mar is gnáth, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach aon duine d'fhoireann Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit as a gcuid tiomantais leantaigh, a seirbhísí tiomanta agus a gcuid oibre comhsheasmhaí den cháilíocht is airde ar feadh na bliana.

Seamus Woulfe AS

Ard-Aighne

Réamheolas ón Ard-Stiúrthóir

A Ard-Aighne,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne do 2017 a chur i láthair lena gcorpraítear an Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le cur chun feidhme an Ráitis Straitéise 2016-2019.

Lean an Oifig ar aghaidh in 2017 ag cur seirbhísí dlí ardchaighdeáin ar fáil dár gcliainnt - an Rialtas, Ranna agus Oifigí, agus na caighdeáin is airde um sheirbhís ghairmiúil agus phoiblí á gcomhlíonadh. Lean an Oifig lena clár iasachta le linn na bliana agus níos mó ná 30 ball foirne ar iasacht le poist sa tír seo agus thar lear.

Lean Abhcóidí Comhairleacha le comhairle dlí a sholáthar thar raon leathan de shaincheisteanna a bhí casta go minic i gcomhthéacs arna mhúnlú ag dlí AE, bunreachtúil, idirnáisiúnta agus intíre.

Sholáthar Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte clár suntasach d'obair dréachtaithe reachtaíochta le linn 2017 lena áiríodh:

- 33 Bille Rialtais a foilsíodh
- 40 Bille Rialtais a achtaíodh
- Dréachtaíodh agus tarchuireadh chuig na Ranna 234 Ionstraim Reachtuil (ar bhain 34 díobh le bearta an Aontais Eorpaigh a thrasú).

Le linn na bliana lean Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ar aghaidh ag cur sainseirbhísí aturnae ar ardchaighdeán ar fáil, agus seirbhísí dlíthíochta, seirbhísí maoinne, conarthaí Rialtais agus seirbhísí idirbheartaíochta eile á gcumhdach.

Is raon feidhme ábhar an-leathan agus an-domhan na hábhair lena bpléann an Oifig. Cumhdaítear gnéithe uile ghnó agus bheartas an Rialtais leis. Bíonn cuid mhór de na réimsí sin ag fabhrú ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfadh gnóthaí íogaire a bheith i gceist leo amhail cúram sláinte, cosaint sonraí agus ceartas coiriúil. Bíonn an creat dlíthiúil ina n-oibríonn an Oifig faoi réir ag athrú leanúnach agus soláthraítear an cúlra leis le haghaidh timpeallacht oibriúcháin a bhíonn tréithrithe le práinn de ghnáth.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann san Oifig i Sráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar a mbíonn an tseirbhís a sholáthraímid ag brath. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh freisin chun fáilte a chur roimh an Uasail Maria Browne a ceapadh mar Phríomh-Aturnae Stáit in 2017.

Damien Ó Maoldomhnaigh

Ard-Stiúrthóir

CUID 1: AN OIFIG

Is é an tArd-Aighne an comhairleoir dlí don Rialtas, de réir mar a dhéantar forail dó in Airteagal 30 den Bhunreacht. Is é Seamus Woulfe AS an tArd-Aighne reatha. Cuidíonn an Oifig leis chun comhairle a sholáthar don Rialtas lena n-áirítear comhairle d’Airí, do Ranna agus do chomhlachtaí poiblí áirithe eile, chun reachtaíocht a dhréachtú, chun an Stát a ionadú i ndlíthíocht agus roinnt feidhmeanna eile, go háirithe feidhmeanna reachtúla.

Is é misean na hOifige an caighdeán is airde seirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d’Oifigí an Rialtais ar bhonn atá chomh tíosach agus chomh héifeachtach agus is féidir, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do riail an dlí a chomhlíonadh.

Tá Oifig an Ard-Aighne (OAA) i bhFoirgnimh an Rialtais, Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath, ina bhfuil foireann de thimpeall ar 133 lonnaithe. San áireamh leis an bhfoireann tá Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte, foireann riaracháin agus tacaíochta agus foireann Leabharlainne agus Fios Gnó. Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit suite níos deise do na cúirteanna ag Sráid na gCaorach agus Lána na Seansaíreachta agus tá foireann 260 ann lena gcuimsítear dlíodóirí agus feidhmeannaigh dlí chomh maith le foireann Leabharlainne agus Fios Gnó agus foireann riaracháin. Féach Iarscríbhinn E le haghaidh miondealú den fhoireann a fháil.

Is é ceannasaí riaracháin na hOifige an tArd-Stiúrthóir, Damien Ó Maoldomhnaigh. Tá sé i gceannas freisin ar na hAbhcóidí Comhairleacha ar thaobh dlíthiúil na hOifige. Ba é Paul Linehan an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte in 2017 agus ba í Eileen Creedon an Príomh-Aturnae Stáit go dtí Meitheamh 2017. Is é Maria Browne an Príomh-Aturnae Stáit reatha. Is é an t-Ard-Stiúrthóir an t-oifigeach cuntasáíochta d’Oifig Shráid Mhuirfean agus is é an Príomh-Aturnae Stáit an t-oifigeach cuntasáíochta d’Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Is é an tArd-Aighne príomh-oifigeach dlí an Stáit agus is í an Oifig príomh-oifig dlí an Stáit. Trí raon na hoibre san Oifig léirítear raon feidhme iomlán de ghnó agus de bheartas an Rialtais, lena n-áirítear imeachtaí gan choinne, óna n-eascaíonn iarratais ar chomhairle dlí, dréachtú reachtaíochta príomha nó tánaistí agus imeachtaí sna cúirteanna a chosaint. Pléitear le saincheisteanna dlíthiúla i réimsí a chonspóidtear go láidir agus atá íogair amhail dlí AE, inimirce, oideachas, cúram sláinte, cosaint sonraí agus ceartas coiriúil, i measc réimsí eile. Soláthraíonn an Oifig comhairle dlí thráchtála agus seirbhísí idirbheartaíochta dlíthiúla freisin do Ranna agus d’Oifigí an Rialtais sna réimsí a bhaineann le soláthar poiblí, conarthaí, maoin an Stáit agus saincheisteanna maoine intleachtúla. Tugann sí comhairle freisin maidir le go leor gnéithe de dhlí fostaíochta an Stáit e.g. ceapacháin, araíonacht agus

pinsin.

Soláthraíonn an Oifig seirbhís ghairmiúil ardchaighdeán dá cliaint seirbhíse poiblí. Tá tuiscint dhomhan aici ar an tseirbhís phoiblí, ar Rialtas agus ar an bpróiseas reachtach mar aon le hardleibhéal de chuimhne chorparáideach agus d'Fhios Gnó. Díorthaíonn neamhspleáchas na hOifige ó ról bunreachtúil an Ard-Aighne, ó chultúr na hOifige agus ó nádúr láraithe sheirbhís dlí an Rialtais. Díorthaíonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí ó ról lárnach na hOifige go háirithe nuair a theastaíonn cur chuige um an Rialtas iomlán.

De bharr nádúr na hoibre, agus athruithe leanúnacha ag tarlú i ndlí na hÉireann, i ndlí Eorpach agus i ndlí idirnáisiúnta mar aon le hathruithe leanúnacha ar imthosca agus ar riachtanais, teastaíonn Oifig fhreagrúil agus comhlíonadh na gcaighdeán is airde um sheirbhís ghairmiúil agus phoiblí.

Obair na nAbhcóidí Comhairleacha

Is é príomhdhualgas na nAbhcóidí Comhairleacha cúnaimh a thabhairt don Ard-Aighne chun feidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais dá chuid a chur chun feidhme. Tá raon na n-ábhar atá clúdaithe chomh leathan le sainchúram an Rialtais, ach is féidir na gníomhaíochtaí féin a rangú i dtrí chatagóir tríd is tríd:

- (i) comhairle dlí a sholáthar,
- (ii) dlíthíocht a stiúradh, agus
- (iii) comhairle dlí maidir le seirbhís dréachtaithe a sholáthar don Rialtas.

Oibríonn na hAbhcóidí Comhairleacha go dlúth le dlíodóirí in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte maidir le comhairle a thabhairt ar shaincheistanna dlí i ndréachtú reachtaíochta, agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir le comhairle a thabhairt maidir le conas dlíthíocht a stiúradh agus maidir le cúrsaí comhairle dlí eile. Oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth freisin le habhcóidí seachtracha nuair is gá.

Baineann tábhacht ar leith leis an gcúnaimh a sholáthraítear don Ard-Aighne roimh chruinnithe an Rialtais e.g. comhairle a thabhairt maidir le cibé acu an gcloíonn nó nach gcloíonn cinneadh molta nó scéim reachtach an Rialtais le forálacha na Bunreachta, le reachtaíocht, le Conarthaí an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine nó le conarthaí idirnáisiúnta eile ar aontaigh Éire dóibh.

Tá taobh na nAbhcóidí Comhairleacha den Oifig scartha ina chúig shain-ghrúpa de thimpeall ar 5-7 dlíodóirí.

Ról Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas.

Soláthraíonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (ODP) seirbhís dréachtaithe reachtaíochta ghairmiúil don Rialtas.

Dréachtaíonn dlíodóirí speisialtóra ODP reachtaíocht phríomha (Billí Rialtais) agus reachtaíocht thánaisteach (Ionstraimí Reachtúla lena n-airítear Rialacháin agus Orduithe an Rialtais) de chastacht agus de phráinn athraitheach d'fhonn beartas an Rialtais a léiriú agus chun reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a thrasú i ndlí na hÉireann.

Tá an ODP freagrach freisin as leasuithe an Rialtais le Billí a dhréachtú (agus Billí ó chomhaltaí príobháideacha san áireamh) ag céim an Choiste agus ag céim na Tuarascála de dhul chun cinn Bille trí Thithe an Oireachtais.

Cumasaítear an Rialtas le hobair ODP a Chlár Reachtaíochta a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus tráthúil agus déanann an ODP idirchaidreamh dlúth le Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le Billí dá dtugann an Coiste sin tús áite.

Tá an Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte i gceannas ar an ODP agus, in 2017, roinneadh í ina 4 ghrúpa dréachtaithe. Rinneadh dréachtú Billí agus Ionstraimí Reachtúla do 17 Roinn an Rialtais a chomhroinnt i measc na ngrúpaí dréachtaithe, agus gach grúpa ag plé le roinnt Ranna sainithe.

Tá na dlíodóirí a oibríonn san ODP (Dréachtóirí Parlaiminte) oilte ar an leibhéal is airde i ndisciplín um dhréachtú reachtaíochta agus sa bhreis ar bheartas an Rialtais a léiriú, ní foláir nó go mbíonn sé slán ó thaobh na Bunreachta de, go gcuirtear an córas dlí níos leithne san áireamh leis agus go mbíonn sé soiléir agus éifeachtach.

Ról Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Baineann obair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit go príomha le seirbhísí dlí a sholáthar i gcásanna an dlí sibhialta don Ard-Aighne agus do Ranna/Oifigí an Rialtais. Mar gheall ar shainchúram leathan ghnó sibhialta Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit bíonn an fhoireann rannpháirteach i go leor gnéithe d’obair dhlíthiúil lena n-áirítear raon leathan de dhlíthíocht sibhialta sna cúirteanna uile (lena n-áirítear Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg) agus i soláthar seirbhísí tíolactha, dlí réadmhaoine, dlí na gconarthaí agus comhairle um dhlí soláthair freisin mar aon le seirbhísí comhairleacha ginearálta do raon de chliant na státseirbhíse. Soláthraíonn sí seirbhísí dlíthiúla freisin do Ranna/Oifigí an Rialtais roimh Bhinsí Fiosrúcháin, roimh Choimisiúin Imscrúdaithe agus roimh fhiosrúcháin reachtúla eile.

Dlíodóirí ar Iasacht.

Tugadh beirt Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht mar chomhairleoirí dlíthiúla do Bhunionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil agus tugadh ceathrar Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht do na hinstiúidí Eorpacha mar shaineolaithe náisiúnta ar iasacht in 2017.

Tá láithreacht mhéadaithe ag an Oifig i Ranna an Rialtais. Tugadh 21 Abhcóide Comhairleach ar iasacht mar chomhairleoirí dlíthiúla i 14 Roinn an Rialtais. Conraíodh 5 dlíodóirí ó OPAS go speisialta chuig Ranna an Rialtais agus maoiníodh iad chun déileáil le hobair speisialaithe.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Déantar an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a mhaoiniú ina iomláine ó vóta na hOifige.¹ Is comhlacht reachtúil é a bunaíodh faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*. Is é an ról atá aige an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí dá réir a dhéanamh maidir le hathchóiriú an dlí, agus an dlí atá ann faoi láthair a dhéanamh inrochtana do chách. Déantar clár an Choimisiúin a chur chun feidhme go príomha faoi chlár um athchóiriú an dlí atá faofa ag an Rialtas agus a chuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Oibríonn an Coimisiún chomh maith ar ábhair shonracha arna gcur faoina bhráid ag an Ard-Aighne faoi Acht na bliana 1975.

¹Airgead le haghaidh seirbhísí na hOifige dá ndéantar vótáil sa Dáil ar bhonn bliantúil.

Suíomh Gréasáin:

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le ról Oifig an Ard-Aighne, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin dár gcuid, nó ar shuíomh gréasáin an Phríomh-Aturnae Stáit, ag www.attorneygeneral.ie agus www.csso.ie.

=====

CUID 2: BAINN AMACH SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

SA RÁITEAS STRAITÉISE.

Sprioc Ardleibhéil 1: Sainseirbhís chomhairleach dlí a sheachadadh don Rialtas agus do Ranna agus Oifigí cliant

Roinnt samplaí de sheirbhísí comhairleacha arna soláthar ag an Oifig in 2017.

Fiosrúcháin, Coimisiúin Imscrúdaithe agus Binsí. Sholáthair OPAS seirbhís dlí do chliant roimh dhá Choimisiún Imscrúdaithe, roimh Bhinse Fiosrúcháin agus don Gharda Síochána roimh chúig fhiosrúchán reachtúla arna mbunú de bhun Alt 42 den Acht um an nGarda Síochána 2005.

Thug OAA comhairle maidir leis na téarmaí tagartha, aon ordú a bhí de dhíth, bunú coimisiúin imscrúdaithe agus fiosrúchán agus saincheisteanna dlíthiúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an fhiosrúcháin/an imscrúdaithe é féin.

Cosaint sonraí: GDPR, Príobháideacht, Cibearchoireacht, Idircheapadh.

An Garda Síochána: Coireacht a imscrúdú, ceadúnú arm tine agus grinnfhiosrúchán agus cúrsaí araíonachta.

Brexit: Ghlac an Oifig páirt sa Ghrúpa Idir-rannach agus sholáthair sí comhairle don Rialtas de réir mar a tháinig an tsaincheist sin chun cinn.

Barántais agus coinneáil: Rannpháirtíocht i nGrúpa Páirtithe Leasmhara um Airteagal 40 a phléann le saincheisteanna a eascraíonn agus le patrúin a thagann chun cinn ó iarratais chuig an Ard-Chúirt faoi Airteagal 40 den Bhunreacht (*habeas corpus*) maidir le dlisteanacht coinneála.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 1 sa Ráiteas Straitéise.²

1.1 Cuidiú leis an Ard-Aighne a ról bunreachtúil a chur chun feidhme:

- Sholáthair Abhcóidí Comhairleacha don Ard-Aighne comhairle agus cúnaimh dlí ar bhealach tráthúil maidir lena thinreamh ag cruinnithe den Rialtas, a chomhairle don Rialtas agus d'airí an Rialtais agus comhlíonadh a chuid feidhmeanna i gcoitinne.
- Sholáthair Dréachtóirí Parlaiminte faisnéis don Ard-Aighne maidir le dul chun cinn agus comhairle dlí a d'eascair le linn an phróisis dréachtaithe go háirithe roimh chruinnithe an Rialtais agus an Choiste Reachtaíochta.

1.2 Cumarsáid struchtúraithe rialta le Ranna agus le hOifigí cliaint.

- Bhí cruinnithe rialta ag trí chuid na hOifige le príomhchliant sa bhreis ar na comhairliúcháin agus cruinnithe i dtaca le tionscadail ar leith. Cuireadh ar chumas na hOifige leis na cruinnithe sin tuiscint a fháil ar riachtanais agus ar pheirspictíochtaí na gcliant agus chun pleanáil d'obair sa todhchaí. Cuireadh ar chumas an chliant leo freisin an méid a bhí de dhíth a thuiscint chun éifeachtúlacht agus cáilíocht na seirbhísí dlí a mhéadú a sholáthraíonn an Oifig.
- Bhunaigh an Oifig foirne tras-ghrúpa ina raibh an raon saineolais riachtanach chun seirbhís chomhairleach dlí ardchaighdeán a áirithiú i mórthionscadail amhail sna réimsí a bhaineann le tearmann agus inimirce; Brexit, an tOchtú Leasúchán leis an mBunreacht a aisghairm.
- Rinneadh próisis na hOifige a athbhreithniú agus a fheabhsú e.g. sa réimse a bhaineann le dlí AE. Rinneadh na cruinnithe bainistíochta um athbhreithniú breithiúnach ar thearmann agus ar inimirce a dhéantar a thionól leis an Roinn agus le páirtithe leasmhara ábhartha a athstruchtúru chun rannpháirtíocht níos mó ar thaobh na gcliant a éascú agus chun torthaí a fheabhsú.

²De réir mar atá [leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2016-2019](#).

1.3 *Ag coinneáil cothrom le data le forbairtí i ngnólachtaí dlí agus i rannáin dlí sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí nó i ndlínsí eile.*

Tá córais bainistíochta eolais agus córais cásbhainistithe agus bainistíochta taifead ardchaighdeán ag an Oifig. Choinnigh an Leabharlann agus na haonaid Fios Gnó agus TF cothrom le dáta le dea-chleachtas, go háirithe i ngnólachtaí dlí agus i rannáin dlí san earnáil phríobháideach. Rinneadh an Córas Cásbhainistithe agus Bainistíochta Taifead a nuashonrú (Féach mír 6.2 thíos).

1.4 *Athbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar shainseirbhísí comhairleacha ag Abhcóidí Comhairleacha.*

- Rinneadh réimsí ábhair agus ballraíocht sa chúig ghrúpa d'Abhcóidí Comhairleacha a athbhreithniú go rialta, ag féachaint do raon an tsaineolais, luaineachtaí na hoibre agus forbairt scileanna agus taithí na ndlíodóirí. Bhí cinn na ngrúpaí sin i dteagmháil rialta le chéile ag a gcruinnithe seachtainiúla agus de réir mar a bhí riachtanach maidir le tionscadail óna dteastaigh ionchur ó roinnt grúpaí.
- Chomh maith le leanúint de chomhairle a thabhairt i dtaca le comhaid arna n-oscailt cheana, osclaíodh níos mó ná 1,000 comhad comhairleach nua san Oifig in 2017. Tugadh comhairle dlí freisin i gcomhaid reachtacha agus dlíthíochta.
- Rinne Abhcóidí Comhairleacha a gcuid saineolais ar réimsí ábhartha dlí a nuashonrú trí thaighde ar chomhaid; trí mheantóireacht agus trí ionduchtú; trí fhreastal ar chúrsaí agus ar chomhdhálacha, trí oiliúint agus forbairt intí agus trí chruinnithe dlíthiúla intí rialta ina gcuireann Abhcóidí Comhairleacha saincheisteanna dlí reatha i láthair. Is príomhghnéithe iad scaipeadh tuarascálacha seachtainiúla grúpa chuig na dlíodóirí uile san Oifig agus an bhéim ar phríomhchomhairlí dlí a chur le córas Fios Gnó na hOifige le haghaidh hAbhcóidí Comhairleacha a choinneáil cothrom le dáta. Feabhsaíodh saineolas trí oiliúint ar úsáid uirlisí taighde ar an gCóras Cásbhainistithe agus Bainistithe Taifead, ar an mBunachar Sonraí Fios Gnó agus ar mbunachair sonraí eile a tháirgtear ar bhonn tráchtála.
- D'oibrigh foireann Leabharlainne agus Fios Gnó agus taighdeoirí dlí go dlúth le grúpa d'Abhcóidí Comhairleacha chun a gcumas a uasmhéadú comhairle ardchaighdeán a sholáthar agus forbairtí úrnua agus údaráis á dtabhairt san áireamh. Bhí foireann Leabharlainne agus Fios Gnó an-ghníomhach i dtionscnaimh oiliúna agus forbartha na hOifige. Sa bhreis air sin scaip siad breithiúnais arna dtabhairt le déanaí go rialta, chnuasaigh siad blaganna dlíthiúla ardchaighdeán agus rinne siad athbhreithniú leanúnach ar chatalóg na dtéacsanna atá ar fáil sa leabharlann.

- Bhí ról áirithe ag Abhcóidí Comhairleacha i ndlíthíocht trí rannchuidiú le grinnanailís dhlíthiúil agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhairle na n-abhcóidí ó pheirspictíocht an Rialtais ina iomláine. Bhí cur chuige straitéiseach de dhíth maidir le saincheisteanna dlí i réimsí dlíthíochta amhail tearmann, inimirce, iarratais Airteagal 40, Barántais Gabhála Eorpacha, cúrsaí fostaíochta agus araíonachta agus go háirithe i réimsí oll-éileamh nuair a ardaítear an tsaincheist chéanna lena lán cásanna (féach 3.1-2 thíos). Shainaithin an Oifig saincheisteanna dlí freisin a thagann chun cinn a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as réiteach reachtach.
- Is réimse dlí suntasach agus deacair é d'Abhcóidí Comhairleacha breithnithe dlíthiúla a ullmhú maidir le scéimeanna ginearálta Billí. Breithníodh saincheisteanna bunreachtúla, AE, ECHR agus beartais dhlíthiúil agus ba chomhpháirteanna rithábhachtacha iad d'ionchur na nAbhcóidí Comhairleacha eolas agus tuiscint na nAbhcóidí Comhairleacha ar an tseirbhís phoiblí, ar an bpróiseas reachtach, ar an gcóras dlí agus ar chásdlí sna réimsí áirithe.
- Tar éis don Rialtas cinneadh a dhéanamh go ndéanfadh Dréachtóirí Parlaiminte Bille a dhréachtú, d'ardaigh Dréachtóirí Parlaiminte agus an Roinn saincheisteanna dlí go rialta le haghaidh breithnithe ag Abhcóidí Comhairleacha, go minic saincheisteanna de nádúr casta agus núíosach Rinne Abhcóidí Comhairleacha aighneachtaí dlíthiúla chuig an Ard-Aighne nuair a bhí a thuairim ar shaincheisteanna de dhíth. Bhí Abhcóidí Comhairleacha rannpháirteach sa scéim um dhearbhu cáilíochta do dhréacht-reachtaíocht freisin (féach 2.1-4 thíos).
- Ó tháinig an Rialtas reatha in oifig, is gné mhéadaitheach anois billí ó chomhaltaí príobháideacha. Chuidigh Abhcóidí Comhairleacha le Ranna cliaint impleachtaí dlíthiúla billí ó chomhaltaí príobháideacha a thuiscint ionas gurbh fhéidir leo cinneadh a dhéanamh faoina bhfreagairt bheartais ina leith. Thug Abhcóidí Comhairleacha doimhneacht eolais agus taithí ar an bpróiseas reachtach agus ar na réimsí dlí áirithe chun ligean air sin.
- Sainaithníodh réimsí dlí nua ar bhonn rialta, i gcomhar le Ranna cliaint, agus forbraíodh saineolas a thuilleadh sna réimsí sin. Is iad saincheisteanna dlí a bhaineann leis an idirlíon, leis na meáin shóisialta, le cosaint agus coinneáil sonraí agus le príobháideachas samplaí dá leithéid de réimsí agus d'fhreastail foireann na hOifige ar oiliúint intí agus sheachtrach ar na saincheisteanna sin.

1.5 Feidhm chomhairleach speisialta in OPAS:

- B'uaimhian mhór do OPAS in 2017 seirbhís na feidhme comhairlí dá cuid a fheabhsú. In 2017, osclaíodh níos mó ná 500 comhad comhairleach in OPAS dá ndearnadh 200 acu a tharchur chuig OAA. Le blianta beaga anuas, tugadh an Rannán Comhairleach in OPAS isteach chun páirt a ghlacadh i sruthanna éagsúla na dlíthíochta. I dtreo dheireadh 2016 agus ar feadh 2017 rinneadh iarrachtaí chun cuid den obair sin a athlonnú i rannáin dlíthíochta san Oifig, chun cur ar chumas OPAS athdhíriú ar an bhfeidhm chomhairleach dá cuid, i gcomhar le hAbhcóidí Comhairleacha agus seachtacha. Imríodh tionchar ar chumas an Rannáin díriú ar ról comhairleach in 2017 ag méadú mór ar obair a tharla de dheasca imscrúduithe reachtúla, binsí agus fiosrúcháin nua a bhunú. Ina dhiaidh sin is uile, baineadh na bearta a leanas amach in 2017:

- Faoi dheireadh na bliana rinneadh líon de chatagóirí dlíthíochta a shruthú chuig codanna eile den Oifig. Faoi lár na bliana bhí athstruchtúrú eagraíochta curtha i bhfeidhm lena ligeadh do chomhchruinniú saineolais sa rannán Comhairleach agus an aidhm ann sainseirbhísí comhairleacha a sholáthar ag dlíodóirí sinsearacha in OPAS.
- Trí shaineolas nua a fhorbairt i réimsí dlí i mbéal forbartha, thug OPAS tús áite don oiliúint agus d'usoiliúint na foirne i réimsí tosaíochta amhail cosaint sonraí, dlí coiriúil, dlí tógála, sa bhreis ar thacair scileanna a fheabhsú chun riachtanais na hoibre fiosrúcháin a chomhlíonadh agus chuir sí feabhas ar na prótacail bainistíochta eolais dá cuid.
- D'fhéach an Rannán Comhairleach freisin chun naisc níos dlúithe a fhorbairt le rannáin dhlíthíúla eile OPAS maidir le hobair réamhdhlíthíochta agus iarracht á déanamh réitigh luath-idirghabhála a aimsiú le cliaint, lena n-áirítear le bheith ina "céad rogha" do dhaoine ar iasacht i Ranna agus Oifigí cliaint óna dteastaíonn comhairlí práinneacha OPAS.

Rinne an Rannán Comhairleach iarracht freisin chun a ghníomhú a threisiú leis na hAbhcóidí Comhairleacha ar chomhaid fhrithpháirteacha.

1.6 *Ag leanúint le tacaíocht a thabhairt don chlár iasachta agus chun é a fhorbairt a thuilleadh.*

- Rinneadh naisc láidre a fhorbairt leis na hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht agus le haonaid dhlíthiúla i Ranna cliaint ar bhonn leanúnach. Bhí Abhcóide Comhairleach ar leibhéal Rúnaí Chúnata ina chathaoirleach ar scáthghrúpa le haghaidh foirne a sholáthraíonn tacaíocht d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht; eagraíodh oiliúint agus forbairt ar réimsí de thábhacht ar leith do na dlíodóirí rialtais intí; tacaíodh leis an líonra d'Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht agus rinneadh obair leo agus tuairiscíodh ar bhonn rialtas don Choiste Bainistíochta Oifige.
- D'fhreastail Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht ar chruinnithe ginearálta na nAbhcóidí Comhairleacha san Oifig, ar imeachtaí oiliúna agus bainistíochta eolais amhail láithreoireachtaí agus bhí rochtain acu ag Leabharlann agus ar Sheirbhís Fios Gnó OAA mar ba ghá leis.

1.7 *Seirbhís dlí AE fheabhsaithe a sheachadadh do Ranna agus Oifigí cliaint.*

- Rinne Coiste um Dhlí AE maoirseacht ar roinnt tionscadal suntasach amhail athbhreithniú ar rannpháirtíocht OAA i bhforbairt reachtaíocht AE agus a trasuí; athbhreithniú ar rannpháirtíocht na hOifige i ndlíthíocht faoi bhráid na gcúirteanna i Lucsamburg; gníomhú feabhsaithe na ranna; oideachas, oiliúint agus comhroinnt eolais um dhlí sainiúil maidir le cúrsaí dhlí AE san Oifig; rianú ar shaincheisteanna tábhachtacha AE ar dhóigh áisiúil.

1.8 *Alt 7 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974 agus abhcóidí seachtracha a choinneáil.*

- Rinneadh obair ar nuashonrú na bpainéal d'abhcóidí agus críochnófar an obair in 2018.

=====

Sprioc Ardleibhéil 2: Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas: Sainseirbhís dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar don Rialtas

Roinnt samplaí de reachtaíocht a dhréachtaigh ODP in 2017.

An tAcht um Mí-úsáid Drugaí (Áiseanna Insteallta Maoirsithe) 2017 - ionaid insteallta faoi mhaoirseacht a cheadúnú, a oibriú agus a rialáil chun críche díobháil do dhaoine a insteallann drugaí a laghdú.

An Bille Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2017 - toirmeasc ar chonarthaí fostaíochta lena sonraítear náid mar uaireanta conartha agus le haghaidh uaireanta conartha bandáilte a thabhairt isteach.

An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2017 - bunaíodh Comhlacht Comhairleach d'Uisce Éireann, rinneadh foráil do dheireadh na dtáillí uisce agus rinneadh foráil do tháillí le haghaidh úsáid iomarcach uisce ag teaghaisí faoi réir ag liúntais áirithe.

An tAcht um Fhorbairt Peitri Liam agus Mianraí Eile (Toirmeasc ar Scoilteadh Hiodrálach ar Thír Mhór) 2017 - rinneadh fraiceáil uile ar an geladach a thoirmeasc. (Dhréachtaigh ODP leasuithe ón Rialtais don Bhille ó Chomhalta Príobháideach sin).

An Bille um Fhoréigean Baile 2017 - déantar reachtaíocht maidir le foréigean baile a chomhdhlúthú agus a athchóiriú leis agus tugtar éifeacht leis do roinnt oibleagáidí idirnáisiúnta an Stáit a eascraíonn faoi Choinbhinsiún Iostanbúl sa réimse sin.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2017 - comhdhúthaítear agus leasaítear reachtaíocht leis maidir le toirmeasc ar éillitheacht, lena n-áirítear cionta a bhaineann le héillitheacht, agus tugtar éifeacht leis d'oibleagáidí an Stáit a eascraíonn faoi roinnt ionstraimí AE agus idirnáisiúnta sa réimse sin.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 2 sa Ráiteas Straitéise.

2.1 Dréachtreachtaíocht a ullmhú.

- Dhréachtaigh ODP reachtaíocht phríomha agus thánaisteach chun éifeacht a thabhairt do bheartas reachtach arna shocrú ag an Rialtas agus i gcomhréir leis an mBunreacht agus le hoibleagáidí AE an Stáit.
- Dhréachtaigh ODP 33 Bhille an Rialtais (atá liostaithe in Iarscríbhinn A) agus 234 ionstraim reachtúla (trína ndearnadh dlí AE a thrasú i ndlí na hÉireann le 34 acu).

2.2 Gníomhú le Ranna Rialtais agus le hAbhcóidí Comhairleacha.

- In 2017, chuidigh Dréachtóirí Parlaiminte le roinnt cainteanna a eagrú, agus ghlac siad páirt ina seachadadh, i Ranna cliaint. Tugadh tacaíocht do thionscnaimh oiliúna leo sin arna nglacadh ag na Ranna sin i dtaca leis an bpróiseas reachtach. Trí na cainteanna cuireadh an tábhacht in iúl do Ranna de chomhlíonadh na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Lámhleabhar Comh-aireachta. Spreagadh Ranna leo chun gníomhú ag céim luath le hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht maidir le tograí reachtacha a fhorbairt agus le Ranna eile an Rialtais nuair atá tograí faoi chuimsiú réimsí beartais, nó nuair a bhaineann impleachtaí leo ina leith, atá faoi shainchúram de chuid níos mó ná Roinne amháin. Cumhdaíodh réimsí leis na cainteanna amháin an próiseas reachtach, reachtaíocht thánaisteach a ullmhú agus reachtaíocht thánaisteach lena dtugtar éifeacht do Dhlí Eorpach.
- Lean ODP le gníomhú le Ranna Rialtais ag gach céim den phróiseas dréachtaithe agus lean sí le comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha san Oifig, nuair b'iomchuí, le linn an phróisis dhréachtaithe.

2.3 Gníomhú le Coiste Reachtaíochta an Rialtais.

- Le linn 2017 ghníomhaigh ODP go rialta le Coiste Reachtaíochta an Rialtais, d'fhonn monatóireacht agus maoirseacht iomchuí a chumasú ar chur chun feidhme Chlár Reachtaíochta an Rialtais (agus aitheantas a thabhairt do ról lárnach Choiste Reachtaíochta an Rialtais maidir le tosaíochtaí reachtaíochta an Rialtais a shocrú agus a mhaoirsiú agus maidir le tosaíochtaí reachtaíochta iomaíocha a réiteach) agus d'fhonn a áirithiú go mbaineann an Rialtas an tairbhe is mó as na seirbhísí a sholáthraíonn ODP.

2.4 Nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta.

- Cuireadh na nósanna imeachta Dearbhaithe Cáilíochta maidir le dréacht-reachtaíocht a tugadh isteach roinnt blianta ó shin ag an Oifig chun feidhme go rathúil in 2017 agus lean an ODP freisin leis an gcóras um Binse Oibre Reachtaíochta a oibriú maidir le téacsanna Billí agus leasuithe le Billí i gcomhar le hOifig Billí Thithe an Oireachtais.

=====

Sprioc Ardleibhéil 3: Seirbhís dlíthíochta a sholáthar lena seachadtar torthaí optamacha dár Ranna agus Oifigí Cliaint.

Roinnt samplaí de sheirbhísí dlíthíochta arna soláthar ag an Oifig in 2017.

Caingne Bunreachtúla:

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Doyle (cibé an bhfuil duine faoi amhras atá faoi choimeád i dteideal dlíodóir a bheith i láthair agus é á agallamh).

Gilchrist agus Rogers v. Coimisinéir an Gharda Síochána (cibé an bhfuil duine sa scéim tearmann finné a dhéanann imeachtaí clúmhille a thionscnamh i dteideal go ndéantar iad a fheidhmiú *in camera*).

Crayden Fishing Company v. an tÚdarás Cosanta Iascaigh Mhara (nósanna imeachta cothroma i gcaingne riaracháin).

Athbhreithniú Breithiúnach:

North East Pylon Pressure Campaign Limited agus Daoine eile v. An Bord Pleanála agus Daoine eile:

Agóid a bhaineann le próiseas toilithe a fhorbairt d'idirnascaire leictreachais Thuaidh/Theas 400kV a shíneann thar bhealach 103.35km ó Mhí go Tír Eoghain. Cead chun imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh arna dhiúltú ag an Ard-Chúirt i mBealtaine 2016. Tharchuir an Ard-Chúirt 7 gceist a d'eascair maidir le costais dhlíthiúla in imeachtaí um an gcomhshaol chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh trí bhíthin réamhiarratais.

Owens v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Coimisinéir an Gharda Síochána & an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; Dooley v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Coimisinéir an Gharda Síochána & an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais:

Dúshlán maidir le feidhmiú siarghabhálach féideartha an Achta um Fhíneálacha, Íocaíocht agus Aisghabháil 2014. Chinn an Ard-Chúirt agus an Chúirt Achomhairc nach bhfuil na fíneálacha nua agus an córas forfheidhmithe infheidhme le fíneálacha arna bhforchur roimh thús an Achta 2014. Cinneadh faoi achomharc chuig an gCúirt Uachtarach.

Cásanna Chúirt Bhreithiúnais an AE (CBAE):

Éire v. an Coimisiún Eorpach (Cás Apple):

Imeachtaí neamhnithe arna dtionscnamh ag Éire i gcoinne an Choimisiúin Eorpaigh i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena ndearnadh agóid in aghaidh an chinnidh a rinne an Coimisiún Eorpach i Lúnasa 2016 gur dheonaigh Éire Státchabhair do chuideachtaí Apple.

Barántas Gabhála Eorpach:

An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais v. Celmer:

Iarratas ón bPolainn le haghaidh náisiúnach na Polainne a thabhairt suas ar chúisimh um gháinneáil ar dhrugaí. Tharchuir an Ard-Chúirt ceisteanna chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a eascraíonn ó ábhair is inní maidir leis an gceart ar thriail chóir, ag féachaint ar ábhair is inní le riail an dlí agus neamhspleáchas na mbreithiúna sa Pholainn.

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéil 3 sa Ráiteas Straitéise.

3.1 Cásbhainistiú réamhghníomhach

- Spreag agus thug an Oifig tacaíocht do mheasúnú luath cásanna trí chumarsáid a dhéanamh le Ranna agus Oifigí cliaint agus trí thacú le luath-idirghabháil i gcásanna, agus trí chásbhainistiú a chur chun feidhme d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach dár gcliaint.
- Spreagadh oifigigh dlíthiúla laistigh de OPAS agus Abhcóidí Comhairleacha laistigh de OOA páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán agus in athbhreithniú rialta ar bhainistíocht cásanna le Ranna agus Oifigí cliaint d'fhonn na torthaí is fearr a bhaint amach dár gcliaint. Sainathnódh cásanna a bhain le saincheisteanna a d'fhéadfadh an poitínseal a bheith acu a bheith ina gcúis le holl-dhlíthíocht ag an gcéim is luaithe ab fhéidir agus cuireadh bainistíocht ghníomhach i bhfeidhm chun a áirithiú go ndearnadh leasanna an Stáit a chosaint ar an dóigh is fearr.
- Cuireadh an nós imeachta um chásanna íogaire chun feidhme trí huair le linn na bliana mar chuid den chóras de dhlíthíocht íogair a shainathint agus a mhonatóiriú i gcomhairle le Ranna cliaint. Cuireadh an tuarascáil chríochnaithe faoi bhráid an Rialtais ansin.
- Bhain an Oifig leas as a cuid taithe chun costais dhlíthiúla a idirbheartú a raibh coigilteas ina thoradh thar ceann ár gcliánt. Ghlac oifigigh dlíthiúla laistigh de OPAS agus Abhcóidí Comhairleacha laistigh de OAA páirt freisin i nGrúpa Páirtithe Leasmhara ildisciplíneach agus ilghníomhaireachta um Airteagal 40. Bunaíodh an Grúpa ar dtús chun treochtaí ateagmhasacha a shainathint in iarratais ar *habeas corpus* faoi Airteagal 40 den Bhunreacht d'fhonn réitigh phraiticiúla a shainathint agus chun ligean do chur chun feidhme nósanna imeachta feabhsaithe laistigh d'institiúidí an Stáit atá buailte, a raibh coigilteas suntasach ina thoradh thar ceann ár gcliánt uile.
- Is é fócas na hOifige chun a áirithiú go ndéantar cásanna a réiteach a luaithe is féidir, ar dhóigh is costéifeachtaí is féidir. Le cúnaimh ó abhcóidí seachtracha, sholáthair an Oifig measúnú ar rioscaí do chliaint a bhain le cás a chosaint agus ar na costais choimhdeacha. Rinneadh an measúnú a luaithe ab fhéidir sna himeachtaí agus , nuair a bhí sé praiticiúil agus iomchuí, leanadh le réitigh idirbheartaithe ionas go ndearnadh costais dhlíthiúla a laghdú. Úsáideadh idir-réiteach, eadráin agus foirmeacha eile de mheicníochtaí réitithe díospóidí freisin i réimsí iomchuí.

3.2. *Taithí agus foghlaim ar baineadh leas astu.*

- Baineadh leas as eolas agus taithí arna ngnóthú le linn chur chun feidhme cásanna agus baineadh úsáid astu chun ár gcur chuige i leith cliant a threorú agus ár gcur chuige i gcásanna cosúla a threorú. Rinneadh príomhchomhairlí a soláthraíodh i gcúrsa dlíthíochta a thaifeadadh ar chórais bainistíochta eolais intí ionas go mbíonn rochtain réidh orthu i gcomhthéacs cásanna cosúla amach anseo. Cuireadh torthaí cásanna suntasacha in iúl don fhoireann. Tugadh ábhair de leas trasearnála chun suntais do dhlíodóirí na hOifige d'fhonn a áirithiú go mbaineann cliant tairbhe as an eolas agus an taithí a gnóthaíodh le linn chur chun feidhme cásanna.
- Thacaigh, spreag agus rannchuidigh OPAS le tiomsú agus le coinneáil faisnéise ag Ranna agus Oifigí cliant chun na réimsí sin dá cuid oibríochtaí a shainaitheint a bhí soghabhálach i leith agóid dhlíthiúil. Cumasaíodh bearta leis sin chun méid na gcásanna a laghdú sna réimsí a dteastaigh fiosrúchán uathu.
- Shainaitheint oifigigh dhlíthiúla agóidí dlíthiúla ateagmhasacha faoi reachtaíocht lenár Ranna cliant agus spreagamar iad chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh maidir le leasuithe le reachtaíocht a chur chun cinn, nuair is iomchuí.
- Laistigh den Oifig, neartaíodh nósanna imeachta agus próisis d'fhonn agóidí dlíthiúla neamhriachtanacha maidir le gnó an Rialtais a laghdú trí athbhreithnithe ar thorthaí cásanna, trí aiseolas agus trí chomhairle do chliant.
- Ghlac OPAS agus Abhcóidí Comhairleacha páirt i 52 chás faoi bhráid Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) le linn 2017. Bhí na réimsí a cumhdaíodh ag na cásanna sin an-éagsúil agus áiríodh leo Státchabhair, cosaint sonraí, dlí fostaíochta agus saincheisteanna cónaithe/inimirce. Cruthaíodh aonad speisialaithe laistigh de Rannán Tráchtála & Bunreachtúil/AE de OPAS chun déileáil go heisiach le dlíthíocht AE. Rinneadh cásanna a tarchuireadh chuig an CBAE le haghaidh réamhrialaithe faoi Airteagal 267 den CFAE ó chúirteanna na hÉireann ina raibh OPAS/OAA rannpháirteach cheana féin a bhainistiú go comhpháirteach ag an Aonad AE agus ag Oifigeach Dlíthiúil OPAS le hiompar na n-imeachtaí intíre, agus ar an mbealach sin eolas agus taithí á méadú ar dlíthíocht AE ar fud OPAS agus saineolas agus cáilíocht na seirbhíse do Ranna chliant á gcoimeád. Chuir OAA feabhas ar a cuid nósanna imeachta agus teimpléad d'fhonn gníomhú lenár gcliant ar an dóigh is éifeachtaí is féidir.

- Ba réimse tábhachtach den dlí a bhí i mbéal forbartha na rialacha speisialta maidir le costais i gcásanna um an gcomhshaol le tagairt ar leith do dhlí AE agus do Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil.

=====

[Sprioc Ardleibhéil 4: Seirbhís dlí i dtreo réitigh a sholáthar faoi cheannas OPAS lena dtacaítear le seachadadh cuspóirí idirbheartaíochta agus gnó ár Ranna cliant](#)

Roinnt samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta arna soláthar ag an Rannán Maoine Stáit in 2017.

Ceannacháin agus Díolacháin:

Eastát agus gairdíní Mount Congreve, Contae Phort Láirge: Réiteach a idirbheartú le hEastát an Uasail Ambrose Congreve nach maireann d'fhonn tailte breise a shealbhú mar fhorlíonadh don Teach agus Gairdíní arna sealbhú ar iontaobhas ag an Stát ó 1976.

Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin: 1,983 heicteár d'Ardtailte Átha Cliath a fháil, ar a dtugtar an Dochtóg, ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus ar an mbealach sin Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin á leathnú.

Léasanna agus ceadúnais thráchtála:

Roinnt idirbheart tábhachtach a bhain le haimsiú leasanna léasachta do spás oifige do Ranna agus Oifigí Rialtais, lena n-áirítear don Roinn Coimirce Sóisialta agus do CORU.

Cláir Cistithe Caipitil

Clárú táillí faoin gClár Caipitil Spóirt ó shaoráidí beaga spóirt go saoráidí móra spóirt, agus faoin gClár Ealaíon agus Cultúir ó ionaid bheaga chultúrtha go hamharclanna móra.

Samplaí de sheirbhísí idirbheartaíochta arna soláthar ag an Rannán Conarthaí Tráchtála in 2017:

Roinnt gnóthaí sa réimse a bhaineann le tithíocht shóisialta lena n-áirítear an creat náisiúnta um **Thithíocht Mhodúlach** arna soláthar i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Nósanna imeachta soláthair maidir le cóiríocht don **Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha.**

Comhairle a sholáthar don Roinn Oideachais maidir le TF do **sheirbhísí comhroinnt párolla.**

Tuairisciú ar Sprioc Ardleibhéal 4 sa Ráiteas Straitéise.

4.1. *Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach le Ranna agus Oifigí cliant d'fhonn na torthaí is fearr a áirithiú.*

D'oibrigh OPAS go dlúth le hAbhcóidí Comhairleacha in OAA chun seirbhís dlí idirbheartaíochta a sholáthar do Ranna agus Oifigí cliant.

- Chuir an Rannán Maoine Stáit beartas de luath-idirghabháil chun feidhme le Ranna agus Oifigí cliant maidir le tíolacadh idirbheartaíochta agus pleanáil tionscadal. Trí chumarsáid oscailte agus trí phleanáil ar aghaidh áirithíodh gur comhlíonadh cuspóirí idirbheartaíochta agus gnó na gcliant.
- D'fhorbairt an Rannán Maoine Stáit Samhail nua de Sheachadadh Seirbhíse in 2017 ag féachaint do riachtanais a gcliant agus an cuspóir ann aistriú ó cheithre Rannóg go trí, eadhon Ceannacháin agus Díolacháin; Léasú; agus Deontais Stáit agus Bona Vacantia. Is é an aidhm seirbhís dlí idirbheartaíochta a sholáthar do chliant de réir chineál na sainoibre.
- Bhuail Rannóg na gConarthaí Tráchtála go rialta le lucht bainistíochta na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) chun gnóthaí leanúnacha a athbhreithniú agus chun pleanáil straitéiseach a dhéanamh maidir le tionscadail a bhí ag teacht aníos. Trí sin ligeadh leis an Oifig tabhairt faoi riachtanais a cliant ar bhonn leanúnach agus chun pleananna teagmhasachta a chur i bhfeidhm do thionscadail níos mó agus níos casta. Bhuail Rannóg na gConarthaí Tráchtála go rialta le daoine ar iasacht in OAA freisin agus le hoifigigh treoracha i Ranna cliant ar feadh na bliana.
- Trí dhéileáil le dlíthíocht, d'oibrigh Rannóg na gConarthaí Tráchtála go dlúth leis an Rannóg um Athbhreithniú Breithiúnach agus le hAbhcóidí Comhairleacha ón OAA chun tacaíocht agus athbhreithniú comhairleach a sholáthar maidir le cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Spreagamar cur chuige comhoibríoch maidir le réiteach fadhbanna, trí leas a bhaint as taithí agus as eolas bhaill uile fhoireann an Stáit agus trí thuiscint chomhroinnte ar róil faoi seach a chur chun cinn.

4.2 *Seirbhís ardchaighdeán a sheachadadh*

Chinntigh OPAS agus Oifig an Ard-Aighne go seachadadh seirbhís ardchaighdeán do Ranna agus d'Oifigí cliant.

- Chuir an Rannán Maoine Stáit caighdeán barr feabhais chun cinn trí chloí ar bhonn leanúnach le dea-chleachtas trí chloí le Cóid Chleachtais agus Treoirínte Dhlí-Chumann na hÉireann agus trí Threoracha Cleachtais ón Údarás Clárúcháin Maoine a chomhlíonadh.
- Bhí Rannóg na gConarthaí Tráchtála rannpháirteach i gclár gníomhach um Bainistíocht Eolais agus chinntigh sí go ndearnadh a foireann uile a uasoiliúint trí oiliúint a dhéanamh ar réimsí nua.
- Bhaineamar úsáid as ár gcuid taithí agus eolais ar an dlí agus rinneamar réitigh phraiticiúla a dhearadh agus a fhorbairt i ndlúthchomhar le Ranna agus Oifigí cliaint, mar shampla, maidir le láithreáin úrnua a aimsiú do scoileanna agus do stáisiúin an Gharda Síochána.
- D'oibrigh Rannóg na gConarthaí Tráchtála go dlúth lenár gcliaint chun riachtanais oiliúna a shainaithint i bpríomhréimsí an tsoláthair agus sholáthair sí clár oiliúna saincheaptha d'fhoireann OSR.
- Rinneamar a áirithiú gur cuireadh an saineolas dlí iomchuí chun feidhme maidir le seirbhísí idirbheartaíochta leathana uile trí chomhoibriú ar speisialtóireachtaí dlíthiúla laistigh dár nOifig e.g. i ndlíthíocht um sholáthar, d'oibrigh Rannóg na gConarthaí Tráchtála go dlúth leis an Rannóg Athbheithnithe Bhreithiúnaigh ar chásanna amhail *Wordperfect* agus *Homecare*.
- Rinneamar idirbhearta conspóideacha a bhainistiú trí chomhairlí réitithe díospóidí a chur i bhfeidhm ag céim luath agus ar an mbealach sin rinneamar costais dlíthíochta ionchasacha a íoslaghdú.
- Chuireamar comhsheasmhacht agus sruthlíniú chun cinn maidir le hidirbhearta uile nuair ab fhéidir chun éifeachtúlacht a chur chun cinn i seachadadh ár seirbhísí. Go háirithe, d'oibrigh Rannóg na gConarthaí Tráchtála le OSR chun a áirithiú gur comhlíonadh na hoibleagáidí agus rialacha uile lena ndoiciméadúchán teimpléid caighdeánach arna leagan amach le dlí AE agus le dlí na hÉireann.

=====

Spríoc Ardleibhéil 5: Chun tacú le hardleibhéil saineolais, inniúlachta, eolais cothrom le dáta ar an dlí agus scileanna cumarsáide éifeachtacha a fhorbairt, laistigh de thimpeallacht eolasbhunaithe.

Tuairisciú ar Spríoc Ardleibhéil 5 sa Ráiteas Straitéise.

5.1 *Chun a áirithiú go bhfanann bainistíocht eolais ag croílár an méid a dhéanaimid trí straitéis bainistíochta eolais OAA a chur chun feidhme.*

- Lean OAA le hobair a dhéanamh i dtreo chur chun feidhme iomlán na bpointí gníomhaíochta arna saináithint sa Straitéis Bainistíochta Eolais dá cuid.
- Go háirithe, chuir OAA tús le cleachtadh bailithe faisnéise maidir le gabháil eolais sula bhfágann duine ón oifig nó nuair a imíonn sé/sí ar scor.
- Tar éis triail a bhaint as formáidí éagsúla de chruinnithe um shaincheisteanna dlíthiúla agus iad a athbhreithniú, ina ndearna an fhoireann láithreoireachtaí do chomhghleacaithe, roghnaíodh dhá fhormaid chomhroghnacha.
- Bunaíodh coiste nua um blag dlí chun maoirseacht a dhéanamh ar úsáid níos mó den bhlag dlí mar uirlis bainistíochta eolais.
- Leanamar chun gabháil, comhroinnt agus inrochtaineacht fios gnó um an dlí a fheabhsú trí chomhairlí uile a ascnamh chuig bunachar sonraí fios gnó nua (ARK) ónár mbunachair shonraí fios gnó oidhreachta Lotus Notes, lenar áiríodh prótacal iomchuí a chur i gcrích.
- Lean OAA chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhorbairtí i mbainistíocht eolais lenar áiríodh rannpháirtíocht i Líonra Bainistíochta Eolais na Státseirbhíse agus bhí sí gníomhach i líonrú laistigh den phobal Bainistíochta Eolais níos leithne.

5.2. *Chun a áirithiú go bhfanann bainistíocht eolais ag croílár an méid a dhéanaimid trí straitéis bainistíochta eolais OPAS a chur chun feidhme.*

- Forbraíodh inlíon dlíthiúil nua, CSSO Legal, ó choincheap, trí dhearadh, trí fhorbairt agus trí chur chun feidhme agus feidhmíodh é go céimneach don fhoireann i Nollaig 2016. Theastaigh forbairt agus imscaradh córais chuardaigh nua ón tionscadal sin, atá leabaithe i leathanach baile CSSO Legal. Tríd an áis chuardaigh nua sin ligtear d'fhoireann dhlíthiúil OPAS foinsí eolais dhlíthiúil agus faisnéise dlíthiúla inmheánacha agus seachtracha a chuardach ó phointe iontrála aonair, ar a raibh méadú tosaigh ar úsáid de thimpeall ar 400%, atá cothromaithe anois ag méadú 100% ar úsáid le linn 2017. Ar feadh 2017 forbraíodh an fheidhmiúlacht agus an t-inneachar ar CSSO Legal a thuilleadh.
- Rinne OPAS iarracht chun eolas comhroinnte agus taithí chomhroinnte na hOifige a uasmhéadú d'fhonn tacú le seachadadh seirbhísí dlí trí ghníomhú agus trí rannpháirtíocht na foirne i dtionscnaimh bainistíochta eolais amhail inneachar a chur le Feasachán Dlíthiúil OPAS a fhoilsítear go rialta. Is príomh-mhodh an Feasachán Dlíthiúil de choinneáil cothrom le dáta le forbairtí dlí agus is bealach ríthábhachtach é le haghaidh eolas a chomhroinnt in OPAS.
- Ghlac foireann OPAS páirt i Seimineáir Lóin agus Foghlama^{KM}. Is é cuspóir na Seimineáir Lóin agus Foghlama^{KM} an deis a thabhairt do chomhghleacaithe a gcuid taithí ar éagsúlacht leathan de shaincheisteanna dlíthiúla a chomhroinnt i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil choláisteach. Is céim ar aghaidh an cineál comhroinnte eolais sin i dtreo cultúr de chomhroinnt eolais a leabú in OPAS.
- Maidir le tosaíochtaí bainistíochta eolais a shainaitheint, baineadh sin amach trí Phleananna Eolais a chur i gcrích i ngach Rannán agus Rannóg ar fud OPAS.
- D'fhonn an sprioc a bhaint amach de bhealaí a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go ndéantar eolas a ghabháil, a fhorbairt, a chomhroinnt agus a shaothrú, lean an Oifig le forbairt leanúnach *CSSO Legal*, le foilsiú rialta an *Fheasacháin Dhlíthiúil* agus le tionól cruinnithe rialta um chomhroinnt eolais.

5.3 Ag leanúint chun díriú ar oiliúint, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt ár bhfoirne uile d'fhonn feidhmíocht agus poitéinseal a uasmhéadú agus riachtanais leanúnacha agus réamh-mheasta a chomhlíonadh.

- Cuireadh straitéis nua OAA maidir le Foghlaim agus Forbairt le haghaidh 2017-2021 i gcrích in 2017. Rinne an Oifig athbhreithniú ar riachtanais oiliúna uile agus chuir sí córas aiseolais rialta i bhfeidhm maidir le hoiliúint inmheánach agus sheachtrach uile (féach mír 6.3 thíos).
- In OPAS, ghlac foireann dhlíthiúil agus riaracháin páirt i bpleanáil Oiliúna agus Forbartha san Oifig. Leagadh béim ar leith ar oiliúint intí a raibh sé de bhua aici go raibh sí saincheaptha agus éifeachtach ó thaobh costais de. D'iarr an tAonad Oiliúna & Forbartha cúnamh ó chomh-chomhlachtaí poiblí chun láithreoireacht a dhéanamh don fhoireann, a sholáthair seirbhísí costéifeachtacha. Rinne baill na foirne láithreoireachtaí maidir le hábhair ábhartha dá gcomhfhoireann.
- Eagraíodh léachtaí agus seimineáir ar ábhair dhlíthiúla sa dá Oifig. Thugamar sraith nua de léachtaí dlíthiúla AE isteach ó shaineolaithe seachtracha agus ó chomhghleacaithe a bhí ar iasacht leis an mBuanionadaíocht sa Bhruiséil agus le hInstitiúidí AE.
- Lean an dá Oifig chun gníomhú agus chun cur leis an Tionscadal Foghlama agus Forbartha mar chuid de Ghníomhaíocht 9 de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse agus rinne siad idirchaidreamh le 'One Learning' arna bhunú le haghaidh an tionscadail sin.

=====

Spríoc Ardleibhéil 6: Cleachtas dlíthiúil nua-aimseartha, gairmiúil agus seirbhísí bainistíochta corparáideacha agus gnó a sholáthar lena dtacaítear leis an Oifig chun an cháilíocht is airde seirbhíse a sheachadadh.

Tuairisciú ar Spríoc Ardleibhéil 6 sa Ráiteas Straitéise.

6.1 Glacfaidh an Oifig bearta chun foghlaim ó sholáthraithe seirbhísí dlí eile d'fhonn

seirbhís níos fearr a áirithiú agus mar thoradh air sin torthaí níos fearr a áirithiú don Rialtas.

- **Acmhainní Daonna** Choinnigh OAA agus OPAS an buiséad do sholáthar foirne dá gcuid faoi athbhreithniú agus ag an am céanna na meastacháin 2017 dá gcuid á gcomhaontú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ar an mbealach sin ag cinntiú go raibh acmhainní imleor ar fáil i gcónaí chun acmhainní soláthair foirne an dá Oifig a chomhlíonadh.
- Trí idirchaidreamh dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus trí acmhainní a chur le réachtáil comórtais earcaíochta, chinntigh an dá Oifig go ndearnadh an fhoireann is oiriúnaí a fhostú chun folúntais a líonadh a d'eascair ar feadh 2017.

6.2 Déanfaidh an Oifig struchtúir agus feidhmeanna tacaíochta a choimeád d'fhonn ligean di na spriocanna a chomhlíonadh atá leagtha amach thuas.

- Leanann OAA agus OPAS lena riachtanais um sholáthar foirne a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach agus le linn 2017 rinne siad teagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roinnt uaireanta chun foireann a athsholáthar agus ar an mbealach sin ag cinntiú go gcoimeádadh acmhainní soláthair foirne imleora i gcónaí sa dá oifig.
- Déanann an dá Oifig pleanáil um lucht oibre chun a áirithiú gur féidir leo riachtanais soláthair foirne a réamh-mheas ag féachaint d'iasachtaí le Ranna eile, conarthaí a chur i gcrích agus imeacht ar scor etc. Beartaíodh plean nua um lucht oibre le haghaidh 2018 (chun 2019-2021 a chumhdach) d'fhonn a áirithiú go raibh an dá Oifig feasach ar riachtanais soláthair foirne agus gur féidir leo iad a réamh-mheas.
- D'fhreastail ionadaithe ón dá Oifig ar roinnt ceardlann le linn na bliana chun cuidiú le **Straitéis Acmhainní Daonna** choiteanna a fhorbairt don státseirbhís lena sroicheadh an bhuaic de dhoiciméad a sheoladh dar teideal “Straitéis Daoine sa Státseirbhís 2017-2020.”
- **Bainistíocht chorparáideach** Agus iad ag ullmhú iarratais ar bith ar sholáthar foirne breise bíonn na hOifigí aireach ar a leithdháileachán ó bhuiséad 2017 agus ar an riachtanas chun

coinneáil laistigh de shrianta an bhuiséid. Le linn 2017, sholáthair na hOifig Airgeadais faisnéis airgeadais ag cruinnithe bainistíochta agus comhpháirtíochta míosúla. Soláthraíodh próifílí mionsonraithe leis an bhfaisnéis sin ar chaiteachas ar fud na bhfo-cheannteideal uile.

- **Ullmhúchán don Ascnamh chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.** Ar fud na Seirbhíse Poiblí, tá Ranna agus Oifigí ag ullmhú le haghaidh chur chun feidhme iomlán na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Le linn 2017 d'fhreastail ionadaithe ón dá Oifig ar roinnt cruinnithe agus ceardlann chun ullmhú don ascnamh sin, agus tá an dá Oifig sceidealaithe chun aistriú ina n-iomláine chuig an tSeirbhís Chomhroinnte Airgeadais nua i dTonn 5.
- **Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ)** Déanann Grúpa rLRÉ na hOifige maoirseacht ar an bpróiseas de Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann (rLRÉ) a bhainistiú agus rinne sé rannchuidiú suntasach in 2017 le clár oibre ríomhsheirbhísí Rialtais agus a phoitéinseal sa todhchaí, go sainiúil sa chomhthéacs de tháirgeadh, de bhainistíocht agus de nuashonrú leanúnach an rLRÉ. Is stór uathúil an rLRÉ de reachtaíocht atá ar fáil go réidh don phobal tríd an suíomh gréasáin www.irishstatutebook.ie agus san áireamh leis tá Achtanna an Oireachtais ó 1922 go 2017, Rialacha agus Orduithe Reachtúla ó 1922 go 1947 agus Ionstraimí Reachtúla ó 1948 go 2017 agus an chuid is mó de na reachtanna poiblí agus reachtanna ginearálta roimh-1922 a bhí i bhfeidhm sa Stát tar éis achtú an Achta um Athbhreithniú an Dlí Reachtúil 2007.

Foilsítear Eolaire Reachtaíochta le haghaidh Achtanna freisin don tréimhse 1922 go 2017 lena gcumasaítear úsáideoirí Leabhar Reachtanna na hÉireann a shainnithint cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh Acht a leasú nó a athrú ar dhóigh eile óna achtú. Tá Eolaire Reachtaíochta le haghaidh ionstraimí reachtúla san áireamh leis freisin lena sainnithnítear leasuithe agus cúlghairmeacha ar ionstraimí reachtúla a cuireadh i bhfeidhm idir Eanáir 1991 agus deireadh 2017. Tá téacs iomlán Bhunreacht na hÉireann, agus naisc chuig na hAchtanna leasúcháin, foilsithe ar an rLRÉ freisin.

San áireamh le forbairtí eile in 2017 bhí aistriúchán comhéadan an eLRÉ go Gaeilge, nasc díreach a chur ó Acht achtaithe le hAcht Athbhreithnithe nuair is infheidhme agus, ar aon dul le prionsabail sonraí oscailte, cuireadh reachtaíocht phríomha ar fáil leis an rLRÉ i bhformáid XML.

- **An tAitheantóir Eorpach Reachtaíochta (ELI).** Le linn 2017 chuir an Oifig cur chun feidhme an Aitheantóra Eorpaigh Reachtaíochta (ELI) chun cinn. Éilítear ar Bhallstáit leis an ELI úsáid a bhaint as córas caighdeánaithe aitheanta reachtaíochta agus as tréithe meiteashonraí le cur síos a dhéanamh ar gach acmhainn dlí, ionas go gcumasófar cuardach

agus malartú éifeachtach, soláimhsithe agus níos tapúla maidir le faisnéis dlí.

- **Córas Cásbhainistithe (ACME).** In 2017 rinne an Oifig an Córas Cásbhainistithe (ACME) dá cuid a uasghrádú in éineacht le Foireann Bainistíochta Taifead nua (HPE RM8). Feabhsaíodh seachadadh seirbhísí don dá Oifig leis an bpacáiste comhcheangailte. Lean na hAonaid Chlárlainne sa dá Oifig le cur chun feidhme a bpríomhghníomhaíochtaí lenar áiríodh bainistíochta taifead, cothabháil comhad agus ábhair a thiosncamh/cásanna a chruthú. Fuair an fhoireann in OAA oiliúint ar Athshlánú Teicneolaíochta. San áireamh le príomhghníomhaíochtaí eile bhí ullmhúchán agus aistriú comhad chuig an gCartlann Náisiúnta i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha agus comhaid dhímhaoin a aistriú chuig stóras lasmuigh den láithreán d'fhonn soláthar stórála imleor a áirithiú do na comhaid reatha. Ghlac an Oifig tionscadal mar chúram aici chun taifid ar chomhaid a aistríodh chuig an gCartlann Náisiúnta roimh 2003 a chónascadh agus a dhigitiú d'fhonn cuardach agus aimsiú níos gasta comhad a chumasú a cruthaíodh roimh ríomhairiú.

6.3. Leanfaidh an Oifig chun cultúr na gairmiúlachta agus na feidhmíochta a chruthú d'fhonn ardchaighdeán na feidhmíochta a leabú.

- **Bainistíocht Riosca.** Le linn 2017 rannchuidigh an fhoireann le prionsabail fhoirmiúla um bainistíocht riosca a leabú laistigh den dá Oifig. Rinneadh athbhreithniú ar na cláir riosca i Meitheamh agus i Samhain agus rinneadh iad a nuashonrú tar éis na n-athbhreithnithe sin. Iarradh ráitis dearbhaithe riosca go leathbhliantúil ó úinéirí rioscaí agus rinneadh an creat rialachais don dá Oifig a ullmhaíodh in 2016 a athbhreithniú agus a nuashonrú i Lúnasa 2017.
- **Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)** In 2017 lean an fhoireann sa dá Oifig le páirt a ghlacadh i CBFF agus rinneadh ráta ard comhlíontachta de rud beag níos mó ná 95% a thaifeadadh do OAA agus taifeadadh 83% do OPAS.
- **Plean Athnuachana na Státseirbhíse.** Le linn 2017 lean an dá Oifig leis na 25 gníomhaíocht a chur chun feidhme, nó chuidigh siad lena gcur chun feidhme, atá liostaithe faoi na ceithre phríomhréimse i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse. Áiríodh na nithe a leanas le cuid de na gníomhaíochtaí le linn 2017:

- Leabú leanúnach na Seirbhíse Comhroinnte Acmhainní Daonna agus an t-ullmhúchán le haghaidh an aistrithe chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (Gníomhaíocht 6);
 - Foilsiú na Straitéise Acmhainní Daonna lárnaí, na Straitéise Daoine sa Státseirbhís 2017-2020 (Gníomhaíocht 7);
 - Comórtais iontrála chuig an dá Oifig ar oscailt do dhaoine aonair uile ag a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha (Gníomhaíocht 8);
 - Clár Ceannasaíocht na bPríomhoifigeach a thabhairt isteach chun ceannairí a fhorbairt don todhchaí (Gníomhaíocht 10);
 - Cóid nua um araíonacht agus tearc-fheidhmíocht a thabhairt isteach (Gníomhaíocht 11);
 - An córas bainistíochta feidhmíochta LEADS a fhorbairt d' Ard-Rúnaithe agus do ghráid níos airde (Gníomhaíocht 12);
 - Duaiseanna Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse a thabhairt isteach (Gníomhaíocht 13);
 - An scéim soghluaisteachta a fhorbairt don fhoireann agus dáta seolta ionchasach de 2018 don scéim (Gníomhaíocht 15).
- **Oiliúint agus Forbairt** Le linn 2017 bhí Abhcóidí Comhairleacha, Dréachtóirí Parlaiminte agus foireann riaracháin in OAA rannpháirteach in obair Choiste Foghlama agus Forbartha OAA a rinne Straitéis Foghlama agus Forbartha nua a nuashonrú agus a fhoilsiú don Oifig i bhfómhar 2017. Leanfaidh an Coiste le pointí gníomhaíochta a chur chun cinn de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis Foghlama agus Forbartha don Oifig. Ghlac foireann dlí agus riaracháin in OPAS páirt in obair Choiste Oiliúna agus Forbartha OPAS chun a áirithiú go gcomhlíontar Straitéis Oiliúna agus Forbartha OPAS. (Féach mír 5.3 thuas).

6.4 Pleanálfaidh an Oifig do riachtanais dlí speisialaithe san Oifig agus conas acmhainní a chur ar fáil do riachtanais dlí tosaíochta an Rialtais ar an dóigh is fearr.

- **Iasachtaí Foirne le Ranna Náisiúnta agus Eorpacha.** Le linn 2017 lean foireann ón dá Oifig le bheith tugtha ar iasacht le Ranna agus le hOifigí an Rialtais d'fhonn comhairle dlí inti a sholáthar. Thug OAA beirt Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht freisin mar shaineolaithe náisiúnta leis an Aontas Eorpach agus sannadh Abhcóide Comhairleach do Bhuanionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach chun cuidiú le hiarmhairt dhóchúil Brexit (féach mír 5.3 thuas).

CUID 3: IARSCRÍBHINNÍ.

Billí an Rialtais a Foilsíodh in 2017.

Teideal an Bhille
An Bille Leithreasa 2017
An Bille um Banc Infheistíochta Bonneagair na hÁise 2017
An Bille um Thacaíocht Cúraim Leanaí 2017
An Bille um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 2017
Bille na gCuideachtaí (Leasú), 2017
Bille na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2017
An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe) 2017
An Bille um Chaidreamh Taidhleoireachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2017
An Bille um Fhoréigean Baile 2017
An Bille Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2017
An Bille Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2017
An Bille Airgeadais 2017
Bille an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean 2017
An Bille Sláinte (Leasú), 2017
An Bille um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú) 2017
An Bille Árachais Sláinte (Leasú), 2017
An Bille fán gCoimisiún Neamhspleách um Thuairisciú 2017
An Bille um Iascach Intíre (Leasú) 2017
An Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha 2017
An Bille um Chomhairle na mBreithiúna 2017
An Bille um Méadreolaíocht Dlí (Uirlisí Tomhais) 2017
An Bille Idirghabhála 2017
An Bille Forbartha Mianraí 2015
An Bille Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2017
An Bille um Mí-Úsáid Drugaí (Saoráidí Insteallta Maoirsithe) 2017
An Bille um Chartlann Náisiúnta (Leasú) 2017
An Bille um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017
An Bille um Thrácht ar Bhóithre (Leasú) 2017
An Bille um Chorn Rugbaí an Domhain sa bhliain 2023, 2017
An Bille Iascaigh Mhara (Leasú) 2017
An Bille Leasa Shóisialaigh 2017
An Bille Leasa Shóisialaigh, Pinsean agus Cláráithe Shibhialta 2017
An Bille um Sheirbhísí Uisce 2017

Iarscríbhinn B

Billí an Rialtais a Achtaíodh in 2017

Teideal an Achta
An tAcht Uchtála (Leasú) 2017
An tAcht Leithreasa 2017
An tAcht um Banc Infheistíochta Bonneagair na hÁise 2017
Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Leasú) 2017
An tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 2017
An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2017
Acht na gCuideachtaí (Cuntasáíocht) 2017
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 2017
An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2017
Acht na gCúirteanna 2017
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta a Bhaineann le Córais Faisnéise) 2017
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Pianbhreitheanna Príosúnachta Fionraithe) 2017
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2017
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017
An tAcht um Chaidreamh Taidhleoireachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2017
An Bille Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2017
An tAcht Airgeadais 2017
Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean 2017
An tAcht Sláinte (Leasú) 2017
An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2017
An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2017
An tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2017
An tAcht fán gCoimisiún Neamhspleách um Thuairisciú 2017
An tAcht um Iascach Intíre (Leasú) 2017
An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017
An tAcht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán) 2017
An tAcht um Méadreolaíocht Dlí (Uirlisí Tomhais) 2017
An tAcht Idirghabhála 2017

Acht na Lia-Chleachtóirí (Leasú) 2017
An tAcht Forbartha Mianraí 2017
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2017
An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí (Saoráidí Insteallta Maoirsithe) 2017
An tAcht fán Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte 2017
An tAcht um Fhorbairt Peitriúil agus Mianraí Eile (Toirmeasc ar Scoilteadh Hiodrálach ar Thír Mhór) 2017
An tAcht um Maoin Chultúrtha a Choimirciú i gCás Coinbhleacht Armtha (Coinbhinsiún na Háige) 2017
An tAcht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017
An tAcht um Chorn Rugbaí an Domhain sa bhliain 2023, 2017
An tAcht Leasa Shóisialaigh 2017
An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2017

Iarscríbhinn C

Oifig an Ard-Aighne

Vóta 3 Oifig Shráid Mhuirfean

Toradh Sealadach 2017 agus Meastachán le haghaidh 2017 agus 2018

Meastachán agus Toradh Sealadach le haghaidh 2017 agus Meastachán ar an méid a theastóidh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne lena n-áirítear deontas.

	Seirbheáil	Soláthar sna Meastacháin	Toradh Sealadach	Soláthar sna Meastacháin
	Riarachán	2017	2017	2018
		€000	€000	€000
A1	Tuarastail, Pá agus Liúntais	11,263	10,463	11,677
A2 (i)	Taisteal agus Cothú	170	178	176
A2 (ii)	Oiliúint & Forbairt & Costais Theagmhasacha	610	647	640
A2 (iii)	Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide;	70	54	70
A2 (iv)	Trealamh Oifige & Seirbhísí TF Seachtracha	576	655	590
A2 (v)	Speansais Áitribh Oifigí	160	96	160
A2 (vi)	Seirbhísí Comhairleachta & Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead	50	4	50
A2 (vii)	Saineolas Dlí Conarthaí	350	194	300
	Fo-iomlán	13,249	12,291	13,663
	Seirbhísí Eile			
A3	Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	38	35	38
A4	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (Deontas i gCabhair)	2,239	2,187	2,280
A5	Speansais Dhlí Ghinearálta	140	27	140
	Iomlán Comhlán	15,666	14,540	16,121

	Asbhain			
B	Leithreasáí i gCabhair	766	668	799
	Glan-Iomlán	14,900	13,872	15,322

Vóta 6 - Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Toradh Sealadach le haghaidh 2017 agus Meastachán le haghaidh 2017 agus 2018

Meastachán agus Toradh le haghaidh 2017 agus Meastachán ar an méid a theastóidh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2018 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

	Seirbheáil	Soláthar sna Meastacháin	Toradh Sealadach	Soláthar sna Meastacháin
	RIARACHÁN	2017	2017	2018
		€000	€000	€000
A.1	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	16,760	15,697	17,371
A.2(ii)	TAISTEAL AGUS COTHÚ	70	65	70
A.2(iii)	OILIÚINT AGUS FORBAIRT AGUS COSTAIS THEAGMHASACHA	813	1,030	813
A.2(iv)	SEIRBHÍSI POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	350	343	350
A.2(v)	TREALAMH OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE AGUS SEIRBHÍSI GAOLMHARA	750	952	750
A.2(vi)	CAITEACHAIS AR ÁTRIBH OIFIGE	275	190	275
A.2(vii)	SEIRBHÍSI COMHAIRLEACHTA, ATHBHREITHNITHE AR LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAS	50	22	50
	FO-IOMLÁN	19,068	18,299	19,679

	SEIRBHÍSI EILE			
A.3	SEIRBHÍSI DLÍ SEACHTRACHA	200	235	200
A.4	TÁILLÍ ABHCÓIDÍ	13,000	13,627	13,500
A.5	COSTAIS GHINEARALTA DLÍ	1,400	971	1,400
	IOMLÁN COMHLÁN	33,668	33,132	34,779
	Asbhain			
B.	LEITHREASAÍ i gCABHAIR	1,328	1,141	1,084
	GLAN-IOMLÁN	32,340	31,991	33,695

Iarscríbhinn D

Ráiteas um Chomhlíonadh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus um Chomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Ráitis um Chomhlíonadh; Tuarascálacha faoi Chleachtais Íocaíochta 2017

Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean)

Comhlíonann íocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a áirithiú a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is é an aidhm atá leis na treoirlínte sin éascú a dhéanamh ar ghlanadh pras sonrasc agus féachaint chuige nach dtiocfaidh ús, pionóis agus cúiteamh i gceist. Thairis sin, déantar monatóireacht rialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt trí chonradh scríofa, baineann an sprioc ama um íoc pras de 30 lá le gach íocaíocht. Ón 15 Meitheamh 2009 ar aghaidh, tá sé de dhualgas ar na Ranna Rialtais go léir gach soláthraí a íoc laistigh de 15 lá ó gheofar sonrasc bailí, agus gealltanais a thabhairt ina leith sin, cé go bhfuil an teorainn 30 lá i ndáil le híoc úis íocaíochta pras fós i bhfeidhm.
- Iarrtar ar an bhfoireann a áirithiú go mbeidh sonraisc dírithe ar dhuine ainmnithe agus orduithe á gcur isteach le haghaidh earraí agus seirbhísí, rud a sheachnóidh moill maidir le rianú a dhéanamh ar an duine a chuir an t-ordú isteach chun críocha deimhniúcháin
- Cuirtear gach sonrasc ar aghaidh go dtí an tAonad Airgeadais agus déantar an dáta a stampáil orthu láithreach bonn nuair a fhaightear iad. Is é an dáta sin an dáta óna ndéanfar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh
- Déanann an fhoireann oibre san Aonad Airgeadais scanadh ar na sonraisc go léir a fhaightear ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais nuair a fhaightear iad san Aonad Airgeadais
- Nuair a bheidh na hearraí nó an tseirbhís dá dtagraíonn an sonrasc faighte ag an Oifig, deimhneoidh an tAonad ábhartha go bhfuil an sonrasc in ord le haghaidh íocaíochta trí fhógra go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. A luaithe agus a bheidh an próiseas um fhógra faoi earraí faighte curtha i gcrích, féadfaidh baill foirne san Aonad Airgeadais dul ar aghaidh agus an sonrasc a íoc
- Sa chás nach mbeidh an t-aonad ábhartha in ann fógra faoi earraí faighte a ghiniúint mar gheall ar ordú neamhiomlán, neamhsoláthar na seirbhíse iomláine, etc., ba cheart an tAonad

Airgeadais a chur ar an eolas agus ní thosóidh an tréimhse 30 lá go dtí go ndéanfar na hearraí nó an tseirbhís a sholáthar chuig an Oifig ina n-iomláine/hiomláine.

- Cuireadh in iúl don fhoireann gur gá fógra go bhfuil na hearraí faighte a ghiniúint a luaithe agus a bheidh na hearraí nó an tseirbhís faighte ag an Oifig nó é a chur in iúl don Aonad Airgeadais mura féidir leo an fógra sin a ghiniúint maidir le sonrasc ar leith. Ba cheart socruithe a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfear moill ar phróiseas na bhfógraí go bhfuil earraí faighte mar gheall ar bhail foirne a bheith ar saoire etc.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, leantar na nósanna imeachta atá sainithe san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead scríofa ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta dlite íocaíochta agus déanann siad iarracht a áirithiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Má dhéantar íocaíocht lasmuigh den am forordaithe, ríomhfaidh an tAonad Airgeadais ús de réir an Achta agus na Rialachán
- Tugann an Córas Bainistíochta Airgeadais leideanna don fhoireann san Aonad Airgeadais faoin dáta íocaíochta dlite

Tuairisc faoi Chleachtais Íocaíochta 2017

Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

Ginearálta

- Chomhlíon íocaíochtaí ábhartha a rinne an Oifig seo téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Íocaíochtaí Déanacha

- Rinneadh íocaíochtaí iomlána €1,827,451 in 2017 ó Vóta Oifig an Ard-Aighne i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an Reachtaíocht ina leith.
- Níor thabhaíodh aon íocaíochtaí úis um íoc pras i rith na bliana.

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Ráiteas um Chomhlíonadh

an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus um Chomhlíonadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002

Tuairisc faoi Chleachtais Íocaíochta 2017

Rinneadh treoirlínte a cuireadh i bhfeidhm chun comhlíonadh an Achta a áirithiú a scaipeadh ar an bhfoireann go léir in mí Eanáir 1998, agus cuireadh an fhoireann ar an eolas freisin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 nuair a tháinig siad i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Is é an aidhm atá leis na treoirlínte sin éascú a dhéanamh ar ghlanadh pras sonrasc agus féachaint chuige nach dtiocfaidh ús, pionóis agus cúiteamh i gceist. Thairis sin, déantar monatóireacht rialta ar nósanna imeachta airgeadais atá i bhfeidhm san Oifig.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá i bhfeidhm:-

- Mura gcomhaontaítear a mhalairt trí chomhaontú i scríbhinn, baineann an sprioc ama um íoc pras de 30 lá le gach íocaíocht.
- Gach sonrasc a fhaightear, cuirtear díreach go dtí an tAonad Airgeadais é agus déantar an dáta a stampáil air ansin. Is é an dáta sin an dáta óna ndéanfar an tréimhse íocaíochta fhorordaithe a ríomh.
- Déanann an fhoireann oibre san Aonad Airgeadais na sonraise ghinearálta a scanadh isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais ag baint úsáide as an mBainisteoir Sonraisc agus is ar bhonn leictreonach a dhéantar sonraisc a fhaomhadh. Cuirtear Sonraisc Dlí Ghinearálta isteach sa Chóras Bainistíochta Airgeadais agus cuirtear ar aghaidh chuig na láimhseálaithe comhad ábhartha iad lena bhfaomhadh.
- Cuireadh an fhoireann ar an eolas gur chóir gach sonrasc a dheimhniú i gcomhair íocaíochta agus a sheoladh ar aghaidh chuig an Aonad Airgeadais láithreach nuair a fhaightear iad. Ba chóir socruithe a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfear moill ar shonraisc mar gheall ar bhaill foirne a bheith ar saoire etc.
- Más gá sonrasc a cheartú nó má tá díospóid ann faoi, leantar na nósanna imeachta atá sainithe san Acht. Cuireann an tAonad Airgeadais na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, agus déantar taifead scríofa ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm
- Déanann an fhoireann san Aonad Airgeadais monatóireacht ar an dáta dlite íocaíochta agus déanann siad iarracht a áirithiú go ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse atá leagtha síos. Má dhéantar íocaíocht lasmuigh den am forordaithe, ríomhfaidh an Córas Bainistíochta Airgeadais ús sa ghnáthchúrsa agus seiceálfaidh an tAonad Airgeadais de lámh é de réir an Achta agus na Rialachán.

Íocaíochtaí Úis faoin Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas

Rinneadh íocaíochtaí iomlána €3,495,662 in 2017 ó Vóta Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit i leith íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an Reachtaíocht ina leith. Tabhaíodh suim iomlán €4,128 in ús pionósach i rith na bliana faoin Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas.

Tuairisc faoi Chleachtas Íocaíochta 2017

Oifig an Phríomh-Atur nae Stáit

Tá feidhm ag téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Oifig sin nó thar a ceann, cé is moite den phárolla agus costais áirithe Oifige eile.

Thug OPAS isteach Córas Bainistíochta Airgeadais nua i mí Iúil 2004. Nuair a tugadh isteach an córas nua sin, ghlac Aonad Airgeadais OPAS freagracht as gach íocaíocht ón Vóta OPAS, cé is moite den Phárolla agus Tuarastail (Ceannteideal A1). Tá an córas deartha go sainiúil chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh théarmaí an Achta.

I líon beag cásanna nuair nach ndéantar íocaíochtaí laistigh den tréimhse reachtúil, déantar na híocaíochtaí úis cuí.

Íocaíochtaí a raibh feidhm ag Íoc Pras maidir leo idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2017:

Luach Iomlán na nÍocaíochtaí ar fad:	€3,495,662.52
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (faoi bhun €320 san áireamh):	€8,233.82
Luach Iomlán na n-íocaíochtaí déanacha ar fad (thar €320):	€44,454.49
Luach na n-íocaíochtaí déanacha mar chéatadán d'iomlán na n-íocaíochtaí:	1.51%
Líon na n-íocaíochtaí déanacha ar mhó iad ná €320:	26
An méid Úis a íocadh:	€4,128.47
An méid úis mar chéatadán d'iomlán na n-íocaíochtaí:	0.12%
Léiriú ginearálta ar Fhad Ama na Moilleanna:	49 lá

Iarscríbhinn E

Miondealú na Foirne

Seo forbhreathnú ag deireadh na bliana 2017 ar mhiondealú na foirne agus ar chomhdhéanamh inscne Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Atur na Stáit ina n-iomláine, ina léirítear na líonta¹ sa ghrád agus an céatadán den ghrád a léirítear leo mar a leanas:

	Fir	Mná
Ard-Rúnaí ^{2,3}	1 (50%)	1 (50%)
Leas-Ard-Stiúrthóir	1 (100%)	0 (0%)
Rúnaí Cúnta	5 (33%)	10 (67%)
PO	23 (42%)	32 (58%)
POC	35 (24%)	113 (76%)
AOF	20 (63%)	12 (37%)
OR	0 (0%)	1 (100%)
OFe	20 (50%)	20 (50%)
OFo	4 (40%)	6 (60%)
OC	27 (29%)	66 (71%)
OS	4 (100%)	0 (0%)

¹ Gan foireann Phríobháideach an Ard-Aighne san áireamh. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh líon foriomlán na foirne a bheith rud beag níos airde ná na figiúirí soláthair foirne oifigiúla atá bunaithe ar choibhéisí lán-aimseartha.

² Gan iar-CPC san áireamh atá fós ag seirbheáil san Oifig.

³ Bhí 1 fholúntas ann ar leibhéal an Ard-Rúnaí amhail an 31/12/2017